

Arramara Teo.

Cill Chiaráin,
Conamara,
Co na Gaillimhe



Fón

095 33404/33417

Facs

095 33494

e-phost: info2@arramara.ie

www.arramara.ie

Ruairí Ó Conchubhair Teo.

Leitir Móir,
Co. na Gaillimhe

Meaisín ATM ar fáil
Off Licence
Oscailte ó 7.30 r.n. - 8.30 i.n.
Siopadóir, éadaigh agus
chuile chinéal earra.

Fón: 091-551388

LASTAMARA TEO.

Estáit Tionsclaíocht Ros a' Mhíl
Ros a' Mhíl
Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-506704 Facs: 091-506893
Ephost: info@lastamarateo.com

Tá LASTAMARA TEO. ag aistriú as
Gaillimh go Ros a' Mhíl ar an
5 Bealtaine 2009

Uaireannta Oifige ó Luan go Aoine
8.00r.n - 1.00 i.n.
2.00i.n - 4.00 i.n.

Glacfar le seachadhadh lastas
go dtí 3.00 i.n.

Beidh na seirbhísí céanna ar fáil i Ros a' Mhíl
agus atá ar fáil i nGaillimh i láthair na h-uaire.

Gach eolas ó LASTAMARA TEO.
New Docks, Galway ag 091-568942



Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 593301
Facs: 091 593303

Troscán & Soláirtí Oifige



Cartai Bainise



AON ÁBHAR ATÁ UAIT I gCÓIR NA hOIFIGE
TÁ SÉ AGAINN

Turlach de Blácam

Cniotáil Inis Meáin Teoranta – Scothfhaisean do mhargaí an domhain

Tá cniotáil Inis Meáin ag dearadh is ag cniotáil geansaithe agus scothearraí eile as snáth luachmhar le os cionn 30 bliain. Díoltar tairgí Chniotáil Inis Meáin ar fud an domhain ach is i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa tSeapáin, sa Ghearmáin, san Fhrainc, san Eilbhéis agus san Iodáil atá a gcuid príomh-mhargaí.

Cniotáiltear earraí i stíl chomhaimseartha ardfhaisin, bunaithe ar dhathanna agus ar thraidisiúin chniotála an oileáin. Cuireann an comhlacht bailiúchán i láthair an mhargaidh gach leath-bhlian le h-aghaidh seasúr an earraigh agus le h-aghaidh seasúr an fhómhair.

Glacann an comhlacht páirt sna haontaí faisin is mó le rá ar fud an domhain faoi dhó sa bhliain i bhFirenze na hIodála agus i bParás na Fraince.

Tairgíonn Cniotáil Inis Meáin earraí cniotáilte do na siopaí is faiseanta ar fud an domhain. Tá an déantúsaíocht ar fad coinnithe san oileán ó bunaíodh an comhlacht sna seachtóidí, ainneoin comhlachtaí eile cniotála ar fud na hÉireann agus na Breataine a bheith ag dul as feidhm le linn na tréimhse sin.

Téann 95% de thairgíocht Chniotáil Inis Meáin amach as an tír agus tá an branda INIS MEÁIN le fáil i gcuid de na siopaí idirnáisiúnta is cáiliúla – BERGDORF GOODMAM agus BARNEYS i Nua-Eabhar, ISTEAN i Tokyo srl... agus i gcuid de na Boutiques is cáiliúla san Eoraip. Is siopaí atá ag cruthú

stíl dá gcuid féin, neamhspleách ar na brandaí móra, agus atá ag tairiscint eadaí úrnua da gcuid custaiméirí CNIOTÁIL INIS MEÁIN. Ar an gcaoi seo cuirtear INIS MEÁIN i láthair an phobail mar tháirge de shaincheird as oileáin iargúlta in Iarthuaisceart na h-Eorpa.

Úsáidtear amhábhbar nádúrtha den scoth i gconaí, baby alpaca agus caismír san mbailiúchán geimhridh; agus lín agus síoda san mbailiúchán samhraidh.

Ceaptar go minic gur tionscail é seo nach bhfuil mórán de stíl na teicneolaíochta ag baint leis. Ní amhlaidh atá Cniotáil Inis MEÁIN. Úsáidtear an teicneolaíocht is nua-aimseartha le h-aghaidh táirgíocht agus tá teicneoirí fostaithe go lánaimseartha ag scríobh ríomhcláir dár gcuid innealra uathoibríoch.

Tá foireann oilte ag CIM Teo. a thuigeann an caighdeán atá ag teastáil le freastal ar an leibhéal seo sa mhargadh agus murach a gcuid saothar ní bheimis ann.

Tá sé i gceist ag an gcomhlacht leanúint leis an bpolasaí seo, ag solathar earraí cníotáilte atá ar ardchaighdeán ó thaobh dearadh agus ábhar do na siopaí is fearr ar fud an domhain. Freisin tá rún ag an gcomhlacht úsáid a bhaint as dea-cháil an bhranda le hearraí nua a thairiscint dár gcuid custaiméirí. Chuige sin tá togra nua margaíochta arna thacú ag Údarás na Gaeltachta faoi lánseol le cúpla mí anuas.

Turlach de Blacám

